


# SCÉIM ATHLÍNITHE N71 OWENAHINCHA GO DTÍ NEWMILLS

Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1

Déanamh Rogha – Bacanna agus RéamhRoghanna Tosaigh

Deireadh Fómhair 2022



An Roinn Iompair  
Department of Transport



Bonnagar Iompair Éireann  
Transport Infrastructure Ireland



Rialtas  
na hÉireann  
Government  
of Ireland

Tionscadal Éireann  
Project Ireland  
2040



Cork  
County Council  
Comhairle Contae Chorcaí

## Réamhrá

Measann Aighneacht Chorcaí ina Straitéis Iompair sa Chreat Náisiúnta Pleanála go mbaineann tábhacht náisiúnta leis an bhfeabhsú ar an mbóthar straitéiseach N71 ó Chorcaigh trí lathar Chorcaí go Ciarraí. Toradh náisiúnta straitéiseach de chuid Tionscnamh Éireann 2040 is ea infheistiú a dhéanamh ar thionscadail feabhsúcháin ar bhóithre réigiúnacha, áitiúla agus straitéiseacha chun cur le agus uasghrádú a dhéanamh ar ghluaiseacht idir ionaid uirbeacha pobail agus a gcuid ceantar.

## Cuspóirí Tionscnaimh

Cuireadh ar bun méid áirithe cuspóirí don tionscnamh agus ina measc tá:

- Sábháilteacht a fheabhsú fan an bhóthair
- Cur chun cinn roghanna gníomhacha taistil faoi scáth na scéime athlínithe
- Feabhsú rochtana réigiúnaí i gcás gnó agus turasóireachta
- Plódú tráchta a laghdú fan an bhóthair N71
- Laghdú amanta taistil

## An Tréimhse Reatha

De réir Threoirlínte Bainistíochta an Tionscnaimh T11, is ag **Tréimhse 2 (Déanamh Roghanna)** atá an Tionscnamh faoi láthair. Cuimsíonn ceann de chéad chéimeanna de dhéanamh na roghanna, scrúdú ar an limistéar mar arbh fhéidir gach réiteach indéanta a aithint. Glaoitear an “Limistéar Staidéir” air seo, tá sé seo anois bunaithe agus san áireamh sa bhróisiúr so.

**Céim 1 (Measúnú ar RéamhRoghanna).** Aithníodh bacanna tosaigh laistigh den Limistéar Staidéir seo. Tá an obair pleanála agus deartha ar aithint na roghanna inoibrithe tosaigh, tar éis tosnú.

Ag leanúint an chomhairliúcháin phoiblí seo, forbróimid na roghanna tosaigh agus tabhairfimid faoi mheasúnú ar thionchar féideartha na mbacanna a sainíodh. Measúnófar na roghanna tosaigh seo faoi na critéir seo leanas:

- Innealtóireacht
- Comhshaol
- Eacnamaíocht

Déanfaidh an measúnú iarracht ar ghearrliosta a dhéanamh ar líon na roghanna a tabharfar ar aghaidh go dtí Céim 2 (Líonra Measta Tionscnaimh) le féachaint go mion orthu.

**Céim 2 (Líonra Measta Tionscnaimh)** de chuid Thréimhse Dhéanamh Roghanna, bainfidh seo le measúnú mion ar an roghanna a roghnaíodh as Céim 1 faoi na critéir seo leanas:

- Innealtóireacht
- Comhshaol
- Eacnamaíocht
- Sábháilteacht
- Rochtain agus Áireamh Sóisialta
- Iomlánú
- Gníomhaíocht Fhísiciúil

Samhlaítear go dtarlóidh i dtreo dheireadh Ráithe 4, 2023 an dara Comhairliúchán Poiblí mar a gcuirfear in iúl toradh phlé Céim 1 (Measúnú RéamhRoghanna), RéamhThorthaí Céim 2 (Líonra Measta Tionscnaimh) agus ansan cur i láthair an Rogha is inmhianaithe.


Aithneoidh Céim 3 de Thréimhse an Déanta Rogha, an Rogha is inmhianaithe a bheidh le cur ar teaspáint mar eolas i rith Ráithe 2, 2024.

## Aiseolas

Is féidir leat aiseolas a chur ar fáil d’Fhoireann an Tionscnaimh ach:

- Eolas an chomhairliúcháin phoiblí a léamh agus an fhoirm aiseolais ar line ar shuíomh an tionscnaimh, a chomhlánú: [www.corkrdo.ie/major-schemes/n71-owenahincha-newmills-realignment/](http://www.corkrdo.ie/major-schemes/n71-owenahincha-newmills-realignment/)
- Ríomhphost i dteannta leis an bhfoirm aiseolais a chur go dtí foireann an tionscnaimh ag an seoladh ríomhphoist: [N71ONR@corkrdo.ie](mailto:N71ONR@corkrdo.ie)
- Cur sa phost go dtí:  
Comhairle Chontae Chorcaí,  
Oifig Bóithre Náisiúnta Chorcaí,  
Richmond, Gleann Maghair, Corcaigh  
T45 WA44  
021-4821046





Limistéar Staidéir - Scéim Athlínithe Owenahincha go dtí Newmills



An Roinn Iompair  
Department of Transport



Rialtas  
na hÉireann  
Government  
of Ireland

Tionscadal Éireann  
Project Ireland  
2040



Cork  
County Council  
Comhairle Contae Chorcaí

Pleanáil agus Dearadh	Tréimhse 0	Raon agus RéamhMheas
	Tréimhse 1	Coincheap agus Indéantacht
	Tréimhse 2	Déanamh Roghanna (Táimid anseo)
	Tréimhse 3	Dearadh agus Luacháil Timpeallachta
	Tréimhse 4	Próisis Reachtúla
Tógáil agus Cur i bhfeidhm	Tréimhse 5	Cumasú agus Soláthar
	Tréimhse 6	Tógáil agus Cur i bhfeidhm
	Tréimhse 7	Clabhsúr agus Athbhreithniú

Tréimhse 0 - Raon agus RéamhMheas	Curtha i gcrích
Tréimhse 1 - Coincheap agus Indéantacht	Curtha i gcrích
Tréimhse 2 - Déanamh Roghanna	Táimid anseo
➤ Aithint bacanna	Ar Siúl
➤ Céim 1 - Measúnú RéamhRoghanna	Ar Siúl
➤ Céim 2 - Líonra Measta Tionscnaimh	Ráithe 4, 2023
➤ Ceim 3 - Rogha Inmhianaithe	Ráithe 2, 2024
Tréimhse 3 – Luacháil Deartha agus Timpeallachta	Tosnú sa treis, Ráithe 3, 2024 (faoi réir ag Faomhadh agus Cur ar fáil an Mhaoinithe)
Tréimhse 4 – Próisis Reachtúla	Codán 8 le foilsíú / CPO sa treis Ráithe 1, 2025

### Owenahincha go dtí Newmills – Léarscáil Chomhairliúcháin Phoiblí Bóthar

